



An Bhruiséil, 30 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

13349/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0315 (NLE)**

RESUA 22
FIN 1126
ECOFIN 1264
ELARG 104
COEST 715
DEVGEN 159
UA PLATFORM 11

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 624 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle Council lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le hÍocaíocht an cheathrú agus an chúigiú tráthchuid den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 624 annex.

Faoi iamh: COM(2025) 624 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 29.9.2025
COM(2025) 624 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle Council

lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht an cheathrú agus an chúigiú tráthchuid den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin

IARSCRÍBHINN

Measúnú ar chomhlíonadh sásúil na gcéimeanna atá nasctha leis an gceathrú agus an cúigiú tráthchuid den tacaíocht iasachta faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

An 9 Meán Fómhair 2025, chuir an Úcráin iarraidh isteach ar íocaíocht pháirteach den chúigiú tráthchuid de Phlean na hÚcráine, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792 an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin¹. Chun tacú leis an iarraidh ar íocaíocht, thug an Úcráin údar le comhlíonadh sásúil na 10 chéim a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an measúnaithe ar Phlean na hÚcráine². Ceann de na 10 gcéim sin is ea céim atá ar feitheamh ón gceathrú tráthchuid den Phlean.

Ar bhonn na faisnéise a chuir an Úcráin ar fáil, meastar go bhfuil na 10 chéim comhlíonta go sásúil.

Mar chuid de **Chaibidil 4**, tháinig an reachtaíocht lena n-athchóirítear an Ghníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistiú Sócmhainní i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 5** maidir le margaí airgeadais, glacadh an straitéis chun iasachtaí neamhthuillmheacha a réiteach.

Mar chuid de **Chaibidil 7** maidir le caipiteal daonna, tháinig an reachtaíocht maidir leis an ngairmoideachas i bhfeidhm agus glacadh an rún maidir le soláthar seirbhísí sóisialta.

Mar chuid de **Chaibidil 8** maidir leis an timpeallacht ghnó, glacadh an straitéis um fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus an plean gníomhaíochta chun í a chur chun feidhme.

Mar chuid de **Chaibidil 9** maidir le dílárú agus beartas réigiúnach, formhuiníodh agus foilsíodh an staidéar ar na bearta is gá chun pearsantacht dhlítheanach a dheonú do bhardais ar shuíomh gréasáin Aireacht na hÚcráine um Fhorbairt Pobal agus Críoch.

Mar chuid de **Chaibidil 10** maidir le hearnáil an fhuinnimh, glacadh treochlár an phróisis chun an Formhuirear Fuinnimh In-athnuaithe a dheighilt ón taraif tharchuir.

¹Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj>).

²Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj). Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CONSIL%3AST_9492_2024_ADD_1&qid=1716536456361

Mar chuid de **Chaibidil 13** maidir le bainistiú amhábhair criticiúil, foilsíodh píblíne na dtionscadal infheistíochta chun amhábhair chriticiúla a eastóscadh, agus seoladh agus foilsíodh tairiscint idirnáisiúnta don chomhaontú maidir le comhroinnt táirgí.

Mar chuid de **Chaibidil 15** maidir leis an aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil, cuireadh tús arís leis an gcóras éigeantach faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe (MRV).

Céim 4.7

Ainm na céime: Teacht i bhfeidhm an dlí lena n-athchóirítear an Gníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistiú Sócmhainní

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil chun an tÉilliú a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 4.7 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

‘Teacht i bhfeidhm an Dlí lena n-athchóirítear an Gníomhaireacht um Aisghabháil agus Bainistiú Sócmhainní. Leis an dlí díreítear ar na príomhréimsí seo:

- *nós imeachta roghnúcháin trédhearcach a dhéantar ar bhonn fiúntais le haghaidh cheann na gníomhaireachta, lena n-áireofar seiceáil inchreidte maidir le hionracas agus gairmiúlacht;*
- *córas measúnaithe sheachtraigh neamhspleách ar fheidhmíocht;*
- *nós imeachta trédhearcach maidir le sócmhainní urghafa faoi rialú na gníomhaireachta a bhainistiú agus a dhiol.’*

Is í Céim 4.7 an tríú ceann de cheithre chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 de Chaibidil 4 (an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid). Roimhe sin bhí Céim 4.4 (teacht i bhfeidhm an Chóid Choiriúil leasaithe agus an Chóid Nós Imeachta Choiriúil) agus Céim 4.6 (glacadh plean gníomhaíochta chun an Straitéis um Aisghabháil Sócmhainní le haghaidh 2023-2025 a chur chun feidhme), a ndearnadh measúnú dearfach orthu in R3 2024. Ina dhiaidh sin tá Céim 4.5 (atá dlite faoi R2 2026) maidir le straitéis nua in aghaidh an éillithe agus clár stáit in aghaidh an éillithe a ghlacadh don tréimhse tar éis 2025.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

- 1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
- 2) Cóip de Dhlí Uimh. 4503-IX na hÚcráine ‘Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine ‘Maidir le Gníomhaireacht Náisiúnta na hÚcráine chun Sócmhainní a Dhíorthaítear ó Éilliú agus ó Choireanna Eile a Bhrath, a Imscrúdú agus a Bhainistiú’ maidir le Cumas Institiúideach Gníomhaireacht Náisiúnta na hÚcráine um Brath, Imscrúdú agus Bainistiú Sócmhainní a Dhíorthaítear ó Éilliú agus ó Choireanna Eile a Neartú, agus Sásraí Bainistíochta Sócmhainní a Fheabhsú’ dar dáta an 18 Meitheamh 2025.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údarais na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 4.7.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 2 de Chaibidil 4 (an comhrac in aghaidh an éillithe agus an sciúrtha airgid) príomhinstitiúidí in aghaidh an éillithe a neartú agus an nós imeachta coiriúil a chuíchóiriú chun a n-éifeachtúlacht a mhéadú, lena n-áirítear i gcásanna éillithe ardleibhéil. Tugann an t-athchóiriú aghaidh freisin ar na heasnaimh a bhaineann le sócmhainní a aisghabháil agus a bhainistiú ar an leibhéal institiúideach agus ar leibhéal an nós imeachta. Chuige sin, ghlac Parlaimint na hÚcráine Dlí Uimh. 4503-IX an 18 Meitheamh 2025. Tugtar isteach leis an dlí roinnt feabhsuithe ar bhainistiú agus ar fheidhmiú na Gníomhaireachta um Aisghabháil agus Bainistiú Sócmhainní (ARMA). Tháinig an dlí i bhfeidhm an 30 Iúil 2025.

Foráiltear leis an dlí nós imeachta roghnúcháin trédhearcach a dhéantar ar bhonn fiúntais le haghaidh cheann na gníomhaireachta, lena n-áireofar seiceáil inchreidte maidir le hionracas agus gairmiúlacht; Áirítear leis ceanglais cháilíochta agus ionracais agus critéir maidir le neamh-incháilitheacht don phost. Áirítear ar na ceanglais cháilíochta ardoideachas dlí nó eacnamaíoch agus 5 bliana ar a laghad de thairbh ghairmiúil ábhartha. Leagtar amach sa dlí comhdhéanamh an choimisiúin iomaíochta chun ceann ARMA a roghnú. Is dá rogha féin a cheapann Comh-Aireacht Airí na hÚcráine triúr as seisear de chomhaltaí an choimisiúin iomaíochta, agus ceapann Comh-Aireacht Airí na hÚcráine an triúr eile bunaithe ar thograí deontóirí idirnáisiúnta ó liosta comhphárteach iarrthóirí. Déanann an coimisiún iomaíochta an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht agus ionracas na n-iarrthóirí a fhorghabháil agus a fhoilsiú. Ceaptar ceann ARMA ar feadh tréimhse 5 bliana agus ní féidir leis an bpost sin a bheith aige ach ar feadh téarma amháin as a chéile.

Tugtar isteach leis an dlí córas measúnaithe sheachtraigh neamhspleách ar fheidhmíocht; Foráiltear leis an dlí go ndéanfar an measúnú seachtrach neamhspleách (iniúchadh) ar éifeachtacht ARMA aon bhliain amháin tar éis ceann nua a cheapadh, agus arís 3 bliana tar éis an cheapacháin den dara huair. Tá an coimisiún meastóireachta seachtraí comhdhéanta de thriúr comhaltaí arna gceapadh ag Comh-Aireacht Airí na hÚcráine bunaithe ar thograí ó eagraíochtaí idirnáisiúnta. Leagtar amach sa dlí na critéir incháilitheachta do chomhaltaí an choimisiúin meastóireachta agus sonraítear ann nach mór do na comhaltaí gníomhú go neamhspleách. Tá rochtain ag an gcoimisiún meastóireachta ar dhoiciméid atá i seilbh ARMA agus is féidir leis a iarraidh freisin ar údarais eile an fhaisnéis is gá dá gcuid oibre a sholáthar dó. Tabharfaidh an coimisiún meastóireachta conclúid réasúnaithe maidir le héifeachtacht ghníomhaíochtaí ARMA, chomh maith le moltaí chun easnaimh shainaitheanta in obair na gníomhaireachta a dhíothú agus chun éifeachtacht a gníomhaíochtaí a neartú.

Tugtar isteach leis an dlí roinnt feabhsuithe ar an nós imeachta chun sócmhainní urghafa a bhainistiú agus a dhíol. Leagtar amach ann na prionsabail ghinearálta maidir le sócmhainní a urghabháil agus a aistriú chuig ARMA, maidir le luacháil sócmhainní, agus maidir lena stóráil. Leis an dlí tugtar sainordú do ARMA na sócmhainní a bhainistiú d'fhonn a luach eacnamaíoch a chaomhnú agus na rioscaí a bhaineann le damáiste nó cailleanas sócmhainní den sórt sin a chosc. Leagtar amach sa dlí cearta agus oibleagáidí bainisteoirí sócmhainní agus foráiltear leis nach mór do ARMA plean bainistíochta sócmhainní a tharraingt suas le haghaidh na sócmhainní a aistrítear chuig bainistíocht ARMA. Tá forálacha sonracha sa dlí maidir le bainistiú catagóirí áirithe sócmhainní amhail airgead tirim, urrúis agus maoin dhochorraithe. Tugtar isteach leis an dlí freisin forálacha maidir le sócmhainní urghafa a dhíol trí cheantanna sa chóras trádála digití.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 5.4

Ainm na céime: Glacadh na straitéise um réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3. Réiteach feabhsaithe iasachtaí neamhthuillmheacha

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 5.4 ar a dtugtar tuairisc san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

‘Glacadh na straitéise um réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha i gcomhréir le cleachtais ábhartha an Aontais. Leis an straitéis díritear ar na príomhréimsí seo:

- *na ceanglais stuamachta a neartú maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha a aithint agus a réiteach;*
- *sonraí maidir leis na hiasachtaí neamhthuillmheacha agus sonraí margaidh ábhartha eile a mhalartú idir na hinstiúidí airgeadais agus gníomhaireachtaí stáit chun feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha;*
- *athbhreithniú ar bhacainní a d’fhéadfadh a bheith ann agus bearta a fhorbairt chun feabhas a chur ar an gcreat maidir le hathstruchtúrú agus réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha.’*

Is é Céim 5.4 an chéad chéim de chur chun feidhme Athchóiriú 3 i gCaibidil 5 (Margaí Airgeadais). Ina dhiaidh sin tá Céim 5.5 (atá dlite faoi R1 2026) maidir le teacht i bhfeidhm na gníomhartha dlí chun feabhas a chur ar réiteach na n-iasachtaí neamhthuillmheacha.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

- 1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
- 2) cóip den *‘Straitéis Forbartha Iasachtaithe’* dar dáta an 6 Meitheamh 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údarais na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 5.4.

Is é is cuspóir d’Athchóiriú 3 i gCaibidil 5 (margaí airgeadais) feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha. Chuige sin, ghlac Comhairle Cobhsaíochta Airgeadais na hÚcráine an *‘Straitéis Forbartha Iasachtaithe’* an 6 Meitheamh 2024.

Féachann an straitéis le creat reachtach a chur i bhfeidhm chun iasachtú a éascú, lena n-ionchorpraítear sraith shainithe bearta agus amlíne cur chun feidhme atá dírithe ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha a fheabhsú, i gcomhréir le cleachtais ábhartha an Aontais, amhail cleachtais maidir le dócmhainneacht agus aisghabháil fiach.

Go sonrach, leagtar amach sa straitéis bearta atá dírithe ar cheanglais stuamachta a neartú maidir le hiasachtaí neamhthuillmheacha a aithint agus a réiteach. Áirítear leis sin an sainmhíniú ar iasachtaí neamhthuillmheacha a bheachtú trí idirdhealú a dhéanamh idir sócmhainní neamhthuillmheacha agus sócmhainní ar mainneachtain, agus trí an raon feidhme ‘neamhthuillmheach’ a leathnú chun sócmhainní bearnaithe nach bhfuil ar mainneachtain go foirmiúil a chur san áireamh. Áirítear ar na bearta breise athbhunú na hoibleagáide atá ar bhainc straitéisí a thabhairt cothrom le dáta agus a chur isteach chun iasachtaí neamhthuillmheacha a bhainistiú agus a réiteach .

Cuimsítear sa straitéis freisin bearta chun feabhas a chur ar mhalartú sonraí a bhaineann le hiasachtaí neamhthuillmheacha agus faisnéis mhargaidh ábhartha eile idir institiúidí airgeadais agus gníomhaireachtaí stáit, agus é mar chuspóir réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha a fheabhsú. Áirítear orthu sin feidhmiúlacht Chlár Creidmheasa Bhanc Náisiúnta na hÚcráine a leathnú, rochtain a leathnú do bhainc agus do rannpháirtithe eile sa mhargadh airgeadais ar acmhainní faisnéise leictreonaí stáit, tograí a fhorbairt chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise maidir le díolacháin iasachtaí neamhthuillmheacha, agus na rialacha rochtana gaolmhara. Leis na bearta uile sin, ba cheart feabhas a chur ar réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha.

Ar deireadh, foráiltear sa straitéis d’athbhreithniú ar bhacainní dlíthiúla agus nós imeachta agus leagtar amach inti bearta chun feabhas a chur ar an gcreat le haghaidh athstruchtúrú agus réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha. Áirítear leis sin feabhas a chur ar an reachtaíocht atá ábhartha maidir le réiteach iasachtaí neamhthuillmheacha, go háirithe trí leasuithe ar Chód na hÚcráine maidir le hImeachtaí Dócmhainneachta chun feabhas a chur ar roghnú agus ar fhorghaoirseacht iontaobhaithe féimheachta, feabhas a chur ar nósanna imeachta ceantála chun sócmhainní féimheachta a dhíol, agus ailíniú le prionsabail Threoir 2019/1023³ maidir le hathstruchtúrú coiscitheach. Le bearta breise, ba cheart coimirce a thabhairt isteach in aghaidh cleachtais chalaioseacha agus tionchar míchuí in imeachtaí dócmhainneachta, feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh athstruchtúrú airgeadais agus díscríobh fiachais agus feabhas a chur ar an rialáil ar bhailiú fiachais agus ar fhorfheidhmiú comhthaobhachta.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

³ <http://data.europa.eu/eli/dir/2019/1023/oj>

Céim 7.1

Ainm na céime: Teach i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis an ngairmoideachas

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 1. Gairmoideachas feabhsaithe

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 7.1 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

‘Teacht i bhfeidhm Dhlí na hÚcráine maidir leis an nGairmoideachas.’ Leis an dlí díritear ar na príomhréimsí seo:

- *sainítear rialacha cothroma maidir le feidhmiú eintiteas oideachais i margadh na seirbhísí oideachais i réimse an ghairmoideachais;*
- *leathnófar acmhainneacht institiúideach eintiteas oideachais chun gairmoideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a sholáthar;*
- *sainítear go soiléir an caidreamh idir institiúidí gairmoideachais agus páirtithe leasmhara náisiúnta/áitiúla agus idirnáisiúnta maidir le forbairt inbhuanaithe an chaipitil dhaonna san Úcráin.’*

Is é Céim 7.1 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 i gCaibidil 7 (caipiteal daonna).

An fhianaise a cuireadh ar fáil

- 1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
- 2) cóip de Dhlí Uimh. 4575-IX na hÚcráine ‘Maidir le Gairmoideachas’, dar dáta an 21 Lúnasa 2025.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údarais na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 7.1.

Is é is cuspóir d’Athchóiriú 1 i gCaibidil 7 (caipiteal daonna) feabhas a chur ar an aistriú ón ngairmoideachas go dtí an margadh saothair, tacú le téarnamh na hÚcráine agus cáilíocht an chórais gairmoideachais a fheabhsú. Chuige sin, ghlac Parlaimint na hÚcráine Dlí Uimh. 4575-IX maidir leis an nGairmoideachas an 12 Meán Fómhair 2025, a tháinig i bhfeidhm an 12 Meán Fómhair 2025.

Leagtar amach sa dlí rialacha agus critéir chóra maidir le feidhmiú na n-eintiteas gairmoideachais agus gairmoiliúna, chomh maith le nósanna imeachta soiléire chun cáilíochtaí a bhronnadh ar mhic léinn. Go sonrach, cuireann sé córas dearbhaithe cáilíochta inmheánaigh agus sheachtraigh i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar na seirbhísí oideachais. Sa chomhthéacs sin, beidh ar eintitis ghairmoideachais agus ghairmoiliúna na nithe seo a leanas a chomhlíonadh: critéir cheadúnúcháin chun a ngníomhaíochtaí oideachais a chur i gcrích, agus ii) caighdeán nua, lena n-áirítear maidir le príomhthorthaí foghlama agus an méid ECTS (an córas Eorpach aistrithe agus carntha creidmheasa) is gá chun na cáilíochtaí oideachais a fháil.

Trí stádas eagraíochtúil agus dlíthiúil an chórais gairmoideachais agus gairmoiliúna a athchóiriú, cuirtear feabhas leis an dlí ar chreat institiúideach foriomlán an chórais agus ar acmhainneacht institiúideach na n-eintiteas gairmoideachais agus gairmoiliúna atá ag feidhmiú san oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon. Mar shampla, feabhsaíonn an dlí neamhspleáchas airgeadais na n-eintiteas gairmoideachais agus gairmoiliúna, rud a chuireann ar a gcumas dóibh tuarastail a mhéadú dá múinteoirí is fearr feidhmíocht. Ina theannta sin, leagtar amach go soiléir sa dlí na comhlachtaí atá i gceannas ar bhainistiú gach institiúide agus a bhfreagrachtaí. Áirítear leis sin, mar shampla, ról na mbord maoirseachta agus na gcomhairlí oideolaíocha.

Leagtar amach sa dlí caidreamh níos soiléire i measc na bpáirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le gairmoideachas a chur ar fáil ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Sonraítear ann go bhfuil Parlaimint na hÚcráine freagrach as beartas stáit an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a shainiú, agus go roinntear a chur chun feidhme i measc comhlachtaí feidhmiúcháin lárnacha agus comhlachtaí féinrialtais áitiúla. Bunaítear leis an dlí Comhairlí Réigiúnacha Gairmoideachais freisin mar chomhlachtaí comhairleacha atá i gceannas ar bheartais réigiúnacha ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, lena dtugtar le chéile ionadaithe féinrialtais réigiúnacha agus áitiúla, fostóirí agus a gcomhlachais, agus ionadaithe na n-eintiteas gairmoideachais agus gairmoiliúna. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, leagtar síos leis an dlí an ceart atá ag eintitis ghairmoideachais agus ghairmoiliúna comhaontuithe comhair agus naisc le comhpháirtithe idirnáisiúnta a shíniú chun gairmoideachas a chur ar fáil.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 7.10

Ainm na céime: Glacadh an Rúin maidir le soláthar seirbhísí sóisialta

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 8. Slándáil shóisialta fheabhsaithe

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 7.10 ar a dtugtar tuairisc san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

‘An Rún ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine a ghlacadh maidir le seirbhísí sóisialta a cheannach ar chostas bhuiséad an stáit. Tá an Rún neodrach ó thaobh cúrsaí fioscacha de agus ní dhéanann sé difear ar bhealach ar bith d’inbhuanaitheacht fiachais na hÚcráine agus díreann leis ar na príomhréimsí seo:

- *aistriú ó institiúidí maoiniúcháin go samhail cheannaigh le haghaidh seirbhísí sóisialta atá dírithe ar thorthaí;*
- *sásra a thabhairt isteach chun seirbhísí sóisialta áirithe a cheannach ó sholáthraithe cláraithe seirbhísí sóisialta, idir sholáthraithe poiblí agus soláthraithe príobháideacha, bunaithe ar chaighdeán agus ar chritéir sheanbhunaithe seirbhíse sóisialta do sholáthraithe.’*

Is é Céim 7.10 an t-aon chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 8 de Chaibidil 7 (Caipiteal Daonna).

An fhianaise a cuireadh ar fáil

- 1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
- 2) cóip de Rún Uimh. 764 ó Chomh-Aireacht na nAirí maidir le *‘Cur chun feidhme Treoirhionscadail maidir le Seirbhís Shóisialta a Sholáthar le haghaidh Forbairt Chuimsitheach agus Cúram Leanaí faoi Mhíchumas’* dar dáta an 25 Meitheamh 2025.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise a chuir údarais na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 7.10.

Is é is cuspóir d’Athchóiriú 8 de Chaibidil 7 (Caipiteal Daonna) feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí sóisialta poiblí, trí shásraí a thabhairt isteach chun seirbhísí áirithe a sholáthar ó sholáthraithe cláraithe. Chuipe sin, ghlac Comh-Aireacht na nAirí Rún Uimh. 764, dar dáta an 25 Meitheamh 2025, lena ndéantar athchóiriú ar an gcóras soláthair le haghaidh seirbhísí sóisialta.

Is éard atá sa Rún athrú ar an gcaoi a ndéantar seirbhísí sóisialta do leanaí faoi mhíchumas a chistiú agus a sholáthar, ag aistriú ó institiúidí maoinithe gan beann ar sheirbhísí a sholáthraítear go samhail cheannaigh atá dírithe ar thorthaí. Leis an tsamhail nua, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse ráta tinrimh 85 % ar a laghad a bhaint amach ag faighteoirí thar thréimhse trí mhí, lena n-áirítear tacaíocht chomhsheasmhach agus éifeachtach do leanaí atá i ngátar.

Trí chóras a chur chun feidhme nach ligeann ach do sholáthraithe cáilithe poiblí agus príobháideacha a bheith rannpháirteach, bunaithe ar chaighdeáin agus ar chritéir shoiléire, is é is aidhm don tsamhail ardchaighdeáin agus cuntasacht a áirithiú. Ní hamháin go n-ardaíonn sé sin cáilíocht fhoriomlán na seirbhísí atá á soláthar ach déanann sé a dhícheall freisin freastal ar riachtanais an phobail le leibhéal fíoraithe inniúlachta. Ar an iomlán, tá an tsamhail neodrach go fíoscach agus ní dhéanann sí difear d'Inbhuanaítheacht fiachais na hÚcráine.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 8.4

Ainm na céime: Glacadh na Straitéise um Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) agus an Phlean Gníomhaíochta le haghaidh a cur chun feidhme

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3. Rochtain ar mhaoiniú agus ar mhargáí

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 8.4 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

‘Glacadh an Rúin ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine maidir le formheas na Straitéise um FBManna agus an Phlean Gníomhaíochta le haghaidh a cur chun feidhme. Leis an straitéis díritear ar na príomhréimsí seo:

- rochtain ar mhargáí;
- rochtain ar mhaoiniú agus ar acmhainní eile;
- rochtain ar eolas’

Is é Céim 8.4 an chéad chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 3 i gCaibidil 8 (timpeallacht ghnó). Tá céim bhreise 8.5 ag Athchóiriú 3, atá dlite in R1-2026, arb é is aidhm di teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le rochtain ar líonraí innealtóireachta seachtracha a shimpliú.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

- 1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
- 2) cóip d’Ordú Uimh. 821-r ó Chomh-Aireacht na nAirí *‘Maidir le formheas na Straitéise um Théarnamh, Forbairt Inbhuanaíthe agus Claochlú Digiteach Fiontar Beag agus Meánmhéide don tréimhse suas go dtí 2027 agus formheas an phlean oibríochtúil beart maidir lena chur chun feidhme in 2024-2027’* dar dáta an 30 Lúnasa 2024;

- 3) cóip den *'Straitéis um Théarnamh, Forbairt Inbhuanaithe agus Claochlú Digiteach Fiontar Beag agus Meánmhéide go dtí 2027'* a glacadh, lena n-áirítear an *'Plean Gníomhaíochta Oibríochtuil chun an Straitéis um Théarnamh, Forbairt Inbhuanaithe agus Claochlú Digiteach Fiontar Beag agus Meánmhéide go dtí 2027 in 2024–2027'* a chur chun feidhme mar cheangaltán le hOrdú Uimh. 821-r dar dáta an 30 Lúnasa 2024.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údarais na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 8.4.

Is é is cuspóir d' Athchóiriú 3 beartas rialtais a neartú maidir le forbairt FBManna agus maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh. Chuige sin, d'fhormheas Comh-Aireacht na nAíre an Straitéis sin, in éineacht lena Plean Gníomhaíochta Oibríocháin, an 30 Lúnasa 2024 le Rún Uimh. 821-r ón gComh-aireacht.

Leagtar amach cuspóir uileghabhálach sa Straitéis: earnáil FBManna a atógáil agus a fhás le linn an chogaidh agus ina dhiaidh trí dhálaí a chruthú le haghaidh forbairt inbhuanaithe, cruthú luacha, glacadh digiteach agus maoiniú níos éasca, ionas gur féidir le gnólachtaí na hÚcráine dul san iomaíocht sa bhaile agus i margaí idirnáisiúnta.

Chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na gcuspóirí sin, liostaítear sa doiciméad roinnt spriocanna atá le baint amach faoi 2027 lena n-áirítear sciar na FBManna den oll-bhreislúach a ardú go 74 % agus díolacháin FBManna a ardú go UAH 10,65 trilliún. Tá an Straitéis ailínithe go sainráite le ceanglais aontachais an Aontais agus le moltaí ECFE do FBManna, agus ba cheart rochtain níos fearr ar mhargaí, ar mhaoiniú agus ar eolas a chur ar fáil léi.

Leis an bPlean Gníomhaíochta a ghabhann leis, aistrítear an Straitéis ina 86 bheart uimhrithe a chuirfidh 15 aireachtaí agus 9 ngníomhaireacht speisialaithe i gcrích faoi dheireadh 2027. Eagraítear na bearta faoi cheithre cholún:

- i) Timpeallacht ghnó agus airgeadas: síneadh a chur leis an scéim 'Iasachtaí inacmhainne 5-7-9 %', deontais ón scéim eRobota a leathnú, reachtaíocht a rith le haghaidh córas árachais riosca cogaidh agus ardán náisiúnta fachtóireachta digiteach a sheoladh.
- ii) Nuálaíocht, digiteach agus glas: ríomhshonrascadh agus íocaíochtaí meandracha a thabhairt isteach, ríomhdhearbháin a sholáthar le haghaidh uirlisí néalríomhaireachta agus cibearshlándála, áireamhán lorg carbóin FBM ar líne agus línte creidmheasa fabhracha atá ailínithe le rialacha Glasa an Aontais a chur i bhfeidhm.
- iii) Caipiteal daonna agus cuimsiú: cláir dé-oideachais, dreasachtaí aidsúichithe diaspóra agus maoiniú/oiliúint shaincheaptha a chruthú do mhná, don óige, d'iarshaighdiúirí, do dhaoine easáitithe ina dtír féin, do dhaoine os cionn 50 bliain d'aois agus do dhaoine faoi mhíchumas.

- iv) Iomaíochas & onnmhairí: an Ghníomhaireacht um Chreidmheas Onnmhairiúcháin a uas-scálú, margáíocht a dhéanamh ar bhrandáil ‘Déanta san Úcráin’ agus FBManna a chomhtháthú sa Líonra Fiontar Eorpach agus in ardáin eile de chuid an Aontais.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 9.2

Ainm na céime: Staidéar ar na bearta is gá chun pearsantacht dhlítheanach a thabhairt do bhardais a fhorghníú agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Aireacht na hÚcráine um Fhorbairt Pobal, Críoch agus Bonneagair

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 1. Dílárú a chur chun cinn

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 9.2 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

‘Torthaí an staidéir a fhoilsiú maidir leis an bhféidearthacht stádas eintitis dhlítheanaigh a dheonú do phobail chríochacha ar thairseach gréasáin oifigiúil Aireacht na hÚcráine um Fhorbairt Pobal, Críoch agus Bonneagair.’

Is í Céim 9.2 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 ‘Dílárú a chur chun cinn’ de Chaibidil 9 (dílárú agus beartas réigiúnach). Tá céim bhreise 9.3 ag Athchóiriú 1, atá le cur i gcrích in R1 de 2026, arb é is aidhm di teacht i bhfeidhm leasuithe ar Dhlí na hÚcráine ‘Maidir le Féinrialú Áitiúil san Úcráin’.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

- 1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
- 2) cóip den staidéar (monagraf) ‘*Pobal mar Eintiteas Dlítheanach an Dlí Phoiblí: An Úcráin i gComhthéacs an Taithí Eorpaigh agus Idirnáisiúnta*’ arna foilsiú ar shuíomh gréasáin na hAireachta um Fhorbairt Pobal, Críoch agus Bonneagair: <https://mindev.gov.ua/storage/app/sites/1/uploaded-files/monograph-ua.pdf>

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údarais na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 9.2.

Is é is cuspóir d’Athchóiriú 1 creat a chur i bhfeidhm chun riarachán stáit áitiúil a chlaohlú ina údaráis de chineál maorachta agus chun dáileadh cumhachtaí níos fearr a áirithiú idir an rialtas áitiúil agus údaráis feidhmiúcháin. An staidéar ‘*Pobal mar Eintiteas Dlítheanach an Dlí Phoiblí: An Úcráin i gComhthéacs an Taithí Eorpaigh agus Idirnáisiúnta*’ ar shuíomh gréasáin oifigiúil na hAireachta um Fhorbairt Pobal agus Críoch (ós rud é gur athainmníodh an aireacht i mí Mheán Fómhair 2024) i mí an Mheithimh 2025.

Déantar anailís sa staidéar ar thaithí stát eile maidir le pearsantacht dhlítheanach na bpobal a chinneadh, lena n-áirítear taithí Bhallstáit an Aontais, amhail an Ghearmáin, an Pholainn agus an Fhrainc. Déantar anailís ann ar choincheap an phobail mar eintiteas dlíthiúil poiblí i gcomhthéacs dhlí na hÚcráine agus i gcomhthéacs chur chun feidhme phrionsabail an fhéinrialtais áitiúil a leagtar amach sa Chairt Eorpach um Fhéinrialú Áitiúil.

Léirítear sa staidéar gur céim ríthábhachtach don Úcráin é pobail a aithint mar eintitis dlíthiúla an dlí phoiblí chun a hathchóiriú díláraithe a thabhairt chun críche. Tugtar treoracha sa staidéar chun stádas pearsantachta dlítheanaí a dheonú do phobail agus déantar anailís ar na leasuithe is gá ar Bhunreacht na hÚcráine agus ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair is gá chun é sin a bhaint amach.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 10.4

Ainm na céime: Treochlár a ghlacadh maidir leis an bpróiseas chun an Formhuirear Fuinnimh In-athnuaite a dheighilt ón taraif tharchuir

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht gaolmhar: Athchóiriú 2. Creat rialála feabhsaithe chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú agus chun oibriú cobhsaí an chórais fuinnimh a áirithiú

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 10.4 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

‘Treochlár a ghlacadh maidir leis an bpróiseas chun an Formhuirear Fuinnimh In-athnuaite a dheighilt ón taraif tharchuir mar aon le gníomhartha reachtacha a bhfuil gá leo agus téarmaí cur chun feidhme a shaináithint.’

Is é Céim 10.4 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 ‘Creat rialála feabhsaithe chun fuinneamh in-athnuaite a mhéadú agus oibriú cobhsaí an chórais fuinnimh a áirithiú’ de Chaibidil 10 (an earnáil fuinnimh). Tá dhá chéim bhreise ag baint le hAthchóiriú 2. Comhlíontar Céim 10.2 maidir le creat margadhbhunaithe le haghaidh fuinneamh in-athnuaite a thabhairt isteach, is é sin creat atá dlite in R4 2024. Tá Céim 10.3 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta chun feabhas a chur ar nósanna imeachta ceadaithe le haghaidh infheistíochtaí fuinnimh in-athnuaite dlite in R3 2026.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

- 1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
- 2) cóip d’ordú Chomh-Aireacht na nAirí Uimh. 612-r ‘*Maidir le Formheas an Treochláir um Fhormhuirear Fuinnimh In-athnuaite a dheighilt ón Taraif le haghaidh Seirbhísí Tarchurtha Leictreachais agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Cur Chun Feidhme an Treochláir um Fhormhuirear Fuinnimh In-athnuaite a dheighilt ón Taraif le haghaidh Seirbhísí Tarchurtha Leictreachais le haghaidh 2025 agus 2026*’ dar dáta an 25 Meitheamh 2025.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údarais na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 10.4.

Is é is cuspóir d’Athchóiriú 2 sciar den fhuinneamh in-athnuaite i meascán fuinnimh na hÚcráine a mhéadú. Chuige sin, d’fhorpheas Comh-Aireacht Airí na hÚcráine treochlár an 25 Meitheamh 2025, trí Rún Uimh. 612-p, lena rannchuidítear le feabhas a chur ar an rialachas ar imscaradh fuinnimh in-athnuaite tríd an bhformhuirear foinsí in-athnuaite fuinnimh a dheighilt ón taraif tharchuir.

Is céim ríthábhachtach é an treochlár i dtreo samhail níos trédhearcaí agus margadhbhunaithe a chruthú chun fuinneamh in-athnuaite a mhaoiniú san Úcráin. Roimhe sin, bhí an formhuirear foinsí fuinnimh in-athnuaite ina chomhpháirt mhór den taraif tharchuir, agus bhí cuid mhór d’ioncam na taraife ainmnithe chun íoc as leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Leagtar amach sa treochlár aistriú céimnithe chuig córas nua.

Leagtar amach sa phlean deighilt de réir a chéile, le rialacha éagsúla do tháirgeoirí fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana agus do tháirgeoirí nua fuinnimh in-athnuaite. Leanfar d’íocaíochtaí le táirgeoirí fuinnimh in-athnuaite atá ann cheana a chumhdach leis an taraif tharchuir go dtí an 1 Eanáir 2030. Ag tosú an 1 Iúil 2026, íocfar táirgeoirí nua fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear buaiteoirí ceantanna ‘glasa’, trí fhormuirear leithleach ar leith. Is athrú tábhachtach é sin a bhfuil sé d’aidhm aige sásra cistiúcháin níos trédhearcaí agus níos neamhspleáiche a áirithiú do thionscadail nua.

Liostaítear sa treochlár na hathruithe reachtacha is gá. Ar an gcéad dul síos, ní mór Dlí an Mhargaidh Leictreachais, ar príomhchéim i bPlean na hÚcráine é, a leasú chun an formhuirear a dheighilt go hiomlán. Ar an dara dul síos, tá sainordú ag an gCoimisiún Rialála Náisiúnta um Fhuinneamh agus um Fhóntais (NEURC) an reachtaíocht thánaisteach is gá a fhorbairt, lena n-áirítear an Mhodheolaíocht a ghlacadh chun formhuirear foinsí fuinnimh in-athnuaite a ríomh, na leasuithe ar an Modheolaíocht chun an taraif tharchuir a ríomh, ar

an gCód Córais Tarchuir (TSC) agus ar Rialacha an Mhargaidh Miondíola, rud atá ríthábhachtach chun na rialacha nua a chur chun feidhme go praiticiúil.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 13.3

Ainm na céime: Foilsiú píblíne de thionscadail infheistíochta maidir le hamhábhair chriticiúla a eastóscadh.

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Nósanna imeachta feabhsaithe riaracháin

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 13.3 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

‘Foilsiú na píblíne de thionscadail infheistíochta maidir le hamhábhair chriticiúla a eastóscadh.’

Is é Céim 13.3 aon cheann amháin de dhá chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 ‘Nósanna imeachta feabhsaithe riaracháin’ i gCaibidil 13 (amhábhair chriticiúla a bhainistiú) atá dlite faoi R2 2025. Is é an dara céim céim 13.4, atá mar chuid den tráthchuid reatha freisin. Tá céim bhreise 13.5 amháin ag Athchóiriú 2, atá dlite in R1 2025, a ndearnadh measúnú dearfach orthu cheana faoin gceathrú tráthchuid.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

- 1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
- 2) Cóip de píblíne fhoilsithe na dtionscadal infheistíochta chun amhábhair chriticiúla a eastóscadh, arna foilsiú ar shuíomh gréasáin Shuirbhé Geolaíoch na hÚcráine: <https://www.geo.gov.ua/wp-content/uploads/presentations/ukr/investicijnij-atlas-nadrokoristuvacha-strategichni-ta-kritichni-minerali.pdf>

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údarais na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 13.3.

Is é is cuspóir d’Athchóiriú 2 an nós imeachta a bharrfheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar infheisteoirí féideartha a laghdú. Is é an phríomhspríoc trédhearcacht, luas, agus cost-éifeachtúlacht a fheabhsú le haghaidh cinní infheistíochta nua.

Foilsítear píblíne na dtionscadal infheistíochta chun amhábhair chriticiúla a eastóscadh (an ‘Atlas Infheistíochta’) ar shuíomh gréasáin oifigiúil an tSuirbhé Geolaíochta leis an hipearnasc: <https://www.geo.gov.ua/en/critical-raw-materials>

Cuirtear i láthair sa doiciméad píblíne deiseanna infheistíochta a bhaineann le heastóscadh mianraí san Úcráin, lena n-áirítear fosuithe na n-amhábhair chriticiúil (CRM) atá ar fáil le haghaidh ceadúnú trí cheantanna leictreonacha agus tairiscintí an chomhaontaithe maidir le comhroinnt táirgí. Áirítear sa doiciméad forbhreathnú ar na taiscí sainaitheanta agus ar shlabhraí soláthair éagsúla, agus ar straitéisí na n-amhábhair chriticiúil san Aontas.

Soláthraítear leis freisin léarscáil d’amhábhair chriticiúla san Úcráin ina bhfuil tuairisc ghairid ar na taiscí atá ar fáil, cóid QR as a n-eascaíonn faisnéis níos mionsonraithe, ceadúnais, agus liosta d’infheisteoirí straitéiseacha ionchasacha le haghaidh cineálacha éagsúla tionscadal infheistíochta maidir le hamhábhair chriticiúla.

Ar an iomlán, leagtar béim sa doiciméad seo ar iarracht na hÚcráine feabhas a chur ar tharraingteacht na tíre d’infheistíochtaí in earnáil na n-amhábhair chriticiúil.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 13.4

Ainm na céime: Seoladh tairiscintí idirnáisiúnta an chomhaontaithe maidir le comhroinnt táirgí, lena n-áiríthítear a dtrédhearcacht

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 2. Nósanna imeachta feabhsaithe riaracháin

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 13.4 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

‘Tairiscintí idirnáisiúnta an chomhaontaithe maidir le comhroinnt táirgí a sheoladh agus a fhoilsiú, agus úsáid á baint as téarmaí an chomhaontaithe shamplaigh mar a chomhaontaigh an Rialtas iad. Trédhearcacht thairiscintí an chomhaontaithe maidir le comhroinnt táirgí agus trédhearcacht Comhaontuithe áirithithe trí rochtain oscailte ar a théarmaí.’

Is é Céim 13.4 aon cheann amháin de dhá chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 ‘Nósanna imeachta feabhsaithe riaracháin’ i gCaibidil 13 (amhábhair chriticiúla a bhainistiú) atá dlite faoi R2 2025. Is é an dara céim céim 13.3, atá mar chuid den tráthchuid reatha freisin. Tá céim bhreise 13.5 amháin ag Athchóiriú 2, atá dlite in R1 2025, a ndearnadh measúnú dearfach orthu cheana faoin gceathrú tráthchuid.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

- 1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;
- 2) Cóip de phrótacal Uimh. 62 ó chruinniú an Choimisiúin Idir-Rannaigh maidir le comhaontú maidir le comhroinnt táirgí an 30 Meitheamh 2025 lena bhformheastar an *‘samhail-chomhaontú maidir le comhroinnt táirgí (an comhaontú maidir le comhroinnt táirgí)’*;
- 3) Cóip den *‘samhail-chomhaontú maidir le comhroinnt táirgí (an comhaontú maidir le comhroinnt táirgí)’* a ghlac an Coimisiún Idir-Rannach i dtaca leis an gcomhaontú maidir le comhroinnt táirgí an 30 Meitheamh 2025;
- 4) Cóip de Rún Uimh. 845 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine maidir le *‘Maidir le formheas liostaí mianraí agus comhpháirteanna a bhfuil tábhacht straitéiseach agus chriticiúil ag baint leo agus liostaí de dháileachtaí fo-ithreach (mianraí) a bhfuil tábhacht straitéiseach agus/nó chriticiúil leo’* dar dáta an 14 Iúil 2025;
- 5) Cóip de Rún Uimh. 1059 ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine maidir le *‘Maidir le tairiscint chun comhaontú comhroinnte táirgeachta a thabhairt i gcrích le haghaidh mianraí miotalacha atá le heastóscadh agus le saibhriú laistigh de thaisce Dobra’* dar dáta an 27 Lúnasa 2025;
- 6) Cóip den Rialtas Courier N 187 (8112), lch. 39, Fógra a fhoilsíú maidir le tairiscint a shealbhú, dar dáta an 12 Meán Fómhair 2025.

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údarais na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 13.4.

Is é is cuspóir d’Athchóiriú 2 an nós imeachta a bharrfheabhsú agus an t-ualach riaracháin ar infheisteoirí féideartha a laghdú. Is é an phríomhsprioc trédhearcacht, luas, agus cost-éifeachtúlacht a fheabhsú le haghaidh cinntí infheistíochta nua.

D’fhorghabh an Coimisiún Idir-Rialtasach maidir le comhroinnt táirgí (‘Coimisiún an chomhaontaithe maidir le comhroinnt táirgí’) an samhail-chomhaontú maidir le comhroinnt táirgí an 30 Meitheamh 2025. Beidh an samhail-chomhaontú maidir le comhroinnt táirgí mar bhonn do chomhaontuithe idir rialtas na hÚcráine agus infheisteoirí. An 14 Iúil 2025, ghlac Comhairle na nAirí Rún Uimh. 845, lena n-áirítear liostaí na mianraí a bhfuil tábhacht straitéiseach chriticiúil ag baint leo chomh maith le liosta na ndáileachtaí fo-ithreach (fosuithe mianraí) a bhfuil tábhacht straitéiseach agus/nó chriticiúil leo, a dheonófar lena

n-úsáid trí phróiseas tairisceana chun an comhaontú maidir le comhroinnt táirgí a thabhairt i gcrích.

Chinn Coimisiún an chomhaontaithe maidir le comhroinnt táirgí an tairiscint a sheoladh maidir le comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le mianraí miotalacha atá le baint a chomhroinnt laistigh de fhosú Dobra. Deimhníodh é le Rún Uimh. 1059 ó Chomhairle na nAirí. Foilsíodh an tairiscint an 12 Meán Fómhair 2025.

Ar an iomlán, le glacadh an tsamhail-chomhaontaithe maidir le comhroinnt táirgí agus Rún Uimh. 845, cuirtear i dtábhacht tiomantas na hÚcráine creat rialála soiléir a chruthú arb é is aidhm dó infheistíocht choigríche a mhealladh in earnáil na n-amhábhhar criticiúil. Trí dháileachtaí fo-ithreach mianraí criticiúla a shainaithint agus a thairiscint, cuireann an Úcráin í féin mar rannpháirtí réamhghníomhach i margadh domhanda na n-amhábhhar criticiúil. Is é is aidhm dó sin go bunúsach muinín infheisteoirí a fheabhsú, agus cuspóirí náisiúnta a ailíniú le caighdeáin infheistíochta idirnáisiúnta.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil

Céim 15.6

Ainm na céime: An córas éigeantach faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe (MWV) a atosú

Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar: Athchóiriú 3. Meicníochtaí margaidh na praghsála carbóin

Arna maoiniú ó: iasacht

Comhthéacs

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 15.6 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

‘Córas éigeantach faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe (MRV) a atosú le haghaidh saoráidí a chumhdaítear le raon feidhme na reachtaíochta atá ann cheana, cé is moite díobh siúd nach bhfuil rialaithe, scríosta ná lonnaithe sa chríoch atá faoi fhorghabháil shealadach, nó a bhfuil fionraí oibríochtaí i dtéarmaí táirgthe fógartha go hoifigiúil acu.’

Is é Céim 15.6 an dara céim agus an céim dheireanach i gcur chun feidhme Athchóiriú 3 ‘Sásraí margaidh na praghsála carbóin’ i gCaibidil 15 (an t-aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil) atá dlite faoi R2 2025. Tá an chéad chéim 15.5 maidir le glacadh an Phlean Gníomhaíochta chun Córas Náisiúnta Trádála Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa a Bhunú comhlíonta go sásúil cheana.

An fhianaise a cuireadh ar fáil

- 1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

2) cóip de Dhlí Uimh. 4187-IX *‘Maidir le Leasuithe ar Dhlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Faireachán, Tuairisciú agus Fíorú Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa’* dar dáta an 8 Eanáir 2025;

Anailís

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a chuir údarais na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de Chéim 15.6.

Is é is cuspóir d’Athchóiriú 3 forbairt sásraí margaidh le haghaidh praghsáil carbóin a chothú agus go sonrach bailiú cuí sonraí a áirithiú chun trádáil astaíochtaí a thabhairt isteach san Úcráin. An 8 Eanáir 2025, ghlac Parlaimint na hÚcráine Dlí Uimh. 4187-IX *‘Maidir le Leasuithe ar Dhlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Faireachán, Tuairisciú agus Fíorú Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa’*, a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2025.

Leis an Dlí, athbhunaítear cineál éigeantach an chórais faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe (MRV) le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa ar leibhéal na suiteála a thosaigh ag feidhmiú in 2021. Cuireadh na ceanglais éigeantacha sin ar fionraí mar gheall ar fhorchur an dlí airm tar éis ionradh iomlán na Rúise i mí Feabhra 2022. Is réamhriachtanas é an córas éigeantach faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe sin chun an Córas Trádála Astaíochtaí (CTA) a chur chun feidhme agus ceanglaítear leis ar oibreoírí suiteálacha a tháirgeann nó a d’fhéadfadh astaíochtaí gás ceaptha teasa a tháirgeadh chun sraith oibleagáidí a chomhlíonadh.

Cumhdaíonn an córas faoi láthair 11 chineál gníomhaíochta CTA. Is é an Clár Aontaithe an córas chun faireacháin, tuairisciú agus fíorú a chur chun feidhme, ar córas é atá á dhigitiú faoi láthair. Ní mór d’eintitis faoi chumhdach tuarascáil bhliantúil fhíoraithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur isteach faoi mhí an Mhárta den bhliain dár gcionn (tuairisciú). Ní mór d’iniúcháir creidiúnaithe tríú páirtí, arna chreidiúnú ag Gníomhaireacht Náisiúnta Creidiúnaithe na hÚcráine (fíorú), an tuarascáil ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a fhíorú. De réir an dlí, tá críocha atá faoi fhorghabháil shealadach, nach bhfuil rialaithe, agus saoráidí scriosta, díolmhaithe ó na hoibleagáidí.

Measúnú an Choimisiúin: comhlíonta go sásúil